C/2024/3266

22.5.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11493 — WÜRTH GROUP / IDG01)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/3266)

1. An 14 Bealtaine 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— W.EG Italia S.r.l. ('W.EG', an Iodáil), faoi rialú an ghrúpa Adolf Würth GmbH & Co. KG ('Würth Group', an Ghearmáin),

— IDG01 S.p.A. ('IDG01', an Iodáil), faoi rialú IDG S.p.A. ('IDG', an Iodáil).

Gheobhaidh Würth Group rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar IDG01 ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is mórdhíoltóir agus gnólacht monaraíochta idirnáisiúnta é Würth Group agus is é a phríomhghnó ábhair chóimeála agus cheangail a dhíol, a fhorbairt agus a tháirgeadh.

— Is dáileoir mórdhíola é IDG01 arb é táirgí leictreacha, chomh maith le táirgí téimh, pluiméireachta agus sláintíochta a dhíol san Iodáil an speisialtóireacht atá aige.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11493 — WÜRTH GROUP / IDG01

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.